# AN tAONTAS EORPACH

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2010**
**(OR. en)**

**2010/0175 (COD)**

**PE-CONS 49/10**

**PECHE 224**
**CODEC 974**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle maidir leis an toirmeasc ar roghnaíocht ar son luacha agus leis na srianta ar iascaireacht leitheanna agus turbard i Muir Bhailt, sna Belts agus in Øresund. |

**RIALACHÁN (AE) Uimh. …/2010**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005**
**ón gComhairle maidir leis an toirmeasc ar roghnaíocht ar son luacha agus leis na srianta ar iascaireacht leitheanna agus turbard i Muir Bhailt, sna Belts agus in Øresund.**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 Tuairim an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ...(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil ) agus Cinneadh ón gComhairle an ... .

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 [1] leagtar síos bearta teicniúla sonracha chun acmhainní iascaigh i Muir Bhailt, sna Belts agus in Øresund a chaomhnú, agus go háirithe, leagtar síos srianta ar iascaireacht i leith speiceas, méideanna mogaill agus limistéar áirithe.

(2) Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1226/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena socraítear na deiseanna iascaireachta agus na coinníollacha gaolmhara, i leith stoc éisc áirithe agus grúpaí de stoic éisc, is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2010[2], foráiltear do thoirmeasc ar roghnaíocht ar son luacha agus do shrianta ar iascaireacht leitheanna agus turbard.

(3) Is bearta de chineál buan iad an toirmeasc seo agus na bearta teicniúla seo nár cheart a áireamh a thuilleadh sa chreat rialála lena mbunaítear deiseanna iascaireachta bliantúla., Ba cheart, dá bhrí sin, iad a ionchorprú i Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ó Eanáir 2011.

---

[1] IO L 349, 31.12.2005, lch. 1.
[2] IO L 330, 16.12.2009, lch. 1.

(4) Ba cheart an téarma "Comhphobal" a úsáidtear i dtéarmaí achtacháin Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 agus na leaganacha gramadaí éagsúla den téarma sin, a athrú tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009.

(5) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 a leasú dá réir.

(6) D'fhonn cur i bhfeidhm leanúnach na mbeart dá bhforáiltear sa Rialachán seo a áirithiú, ba cheart go dtiocfadh sé i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,*

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 leis seo mar a leanas:

(1) Cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

"*Airteagal 15a*
*Toirmeasc ar roghnaíocht ar son luacha*

Maidir le speiceas ar bith atá faoi réir cuóta agus a ghabhtar le linn oibríochtaí iascaireachta, déanfar é a thabhairt ar bord an tsoithigh agus cuirfear i dtír é ina dhiaidh sin ach amháin dá mbeadh sé sin in aghaidh oibleagáidí arna leagadh síos i rialacháin iascaigh an Aontais, lena mbunaítear bearta teicniúla, rialaithe agus caomhnúcháin go háirithe sa Rialachán seo, i Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 nó i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú*.

___________________

* IO L 343. 22.12.2009, lch. 1.".

(2) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 18a*

*Srianta ar iascaireacht leitheanna agus turbard*

1. Toirmeascfar na speicis éisc seo a leanas a choinneáil ar bord nuair a ghabhtar iad laistigh de na limistéir gheografacha agus i rith na dtréimhsí atá luaite thíos:

| Speiceas | Limistéar geografach | Tréimhse |
|---|---|---|
| Leith (*Platichthys flesus*) | Foranna 26, 27, 28 agus 29 ó dheas de 59°30′Thuaidh | 15 Feabhra go 15 Bealtaine |
| | Foroinn 32 | 15 Feabhra go 31 Bealtaine |
| Turbard (*Psetta maxima*) | Foroinn 25, Foroinn 26, agus Foroinn 28 ó dheas de 56°50′Thuaidh | 1 Meitheamh go 31 Iúil |

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina ndéantar iascaireacht le tráil, le saighní Danmhargacha nó le trealamh den tsamhail sin a bhfuil méid mogaill comhionann le 105 mm nó níos mó ná sin acu, nó i gcás ina ndéantar iascaireacht le líonta geolbhaigh, le líonta sáinneacha nó le traimlí a bhfuil méid mogaill comhionann le 100 mm nó níos mó ná sin acu, féadfar seachghabhálacha leitheanna agus turbard a choinneáil ar bord agus a chur i dtír laistigh de theorainn 10 % de réir bheomheáchan na gabhála iomláine arna coinneáil ar bord agus arna cur i dtír i rith na dtréimhsí toirmisc dá dtagraítear i mír 1.".

3. In Airteagal 26(1) agus (2), cuirtear an leagan cuí gramadaí den ainmfhocal "Aontas" in ionad an leagain chomhfhreagraigh gramadaí den ainmfhocal "Comhphobal".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2011.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |